024602/EU XXV. GP
Eingelangt am 08/05/14

**COUNCIL OF
THE EUROPEAN UNION**

**Brussels, 8 May 2014**

**9574/14**

**Interinstitutional File:
2012/0305 (COD)**

**JUR 284
ENV 436
ENT 117
MI 409
CODEC 1217**

**LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF**

| | |
|---|---|
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council on fluorinated greenhouse gases and repealing Regulation (EC) No 842/2006<br>(PE 1/2/14 REV 2, 16.4.2014) |

LANGUAGE concerned: **GA**

PROCEDURE APPLICABLE according to the Council Statement of 1975.
(The procedures are explained in Council document 5980/07 JUR 49, available in the official languages, together with a translation of the structure of this cover page.)

— Procedure 2(b) (obvious errors in one language version)

TIME LIMIT for the agreement of the Presidency and of the European Parliament (in case of acts adopted under the ordinary legislative procedure): 3 days

**Any observations regarding this corrigendum should be notified to the Presidency:**

**Ms. Vassiliki Karra:**

**e-mail: vkarra@rp-grece.be**

**IARSCRÍBHINN**

**CEARTÚCHÁN**

ar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 842/2006

(PE 1/2/14 REV 2, 16.4.2014)

Sa téacs iomlán

In ionad an focal "domhagusa/dhomhagusa", léitear an focal "dhomhanda".

Leathanach 2, aithris 2, an abairt dheireanach

In ionad:

"Nuair a chuirtear san áireamh 104 Mt astaíochtaí measta de choibhéis $CO_2$ in 2030 bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán reachtaíocht reatha an Aontais, is gá laghdú breise 7de thuairim is Mt de choibhéis $CO_2$."

Léitear:

"Nuair a chuirtear san áireamh 104 Mt astaíochtaí measta de choibhéis CO2 in 2030 bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán reachtaíocht reatha an Aontais, is gá laghdú breise 70 Mt de choibhéis CO2."

Leathanach 5, aithris 8,

In ionad:

"Chun comhleanúnachas a áirithiú le ceanglais faireacháin agus thuairiscithe faoin UNFCCC agus le Cinneadh 4/CMP.7 ó Chomhdháil na bPáirtithe atá ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe do Phrótacal Kyoto, Chomhdháil UNFCC, arna ghlacadhag seachtú Comhdháil Pháirtithe Chomhdháil UNFCC"

Léitear:

"Chun comhleanúnachas a áirithiú le ceanglais faireacháin agus thuairiscithe faoin UNFCCC agus le Cinneadh 4/CMP.7 ó Chomhdháil na bPáirtithe atá ag feidhmiú mar chruinniú na bPáirtithe do Phrótacal Kyoto, do Chomhdháil UNFCC, arna ghlacadh ag seachtú Comhdháil Pháirtithe UNFCC"

Leathanach 5, aithris 9,

In ionad:

"D'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar chórais tuairiscithe maidir le hastaíochtaí gás fluairínithe le sonraí maidir le sceitheadh gás fluairínithe ó threalamh a bhailíonn comhlachtaí faoin Rialachán seo"

Léitear:

"D'fhéadfaí feabhas suntasach a chur ar chórais tuairiscithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe le sonraí maidir le sceitheadh gás ceaptha teasa fluairínithe ó threalamh a bhailíonn comhlachtaí faoin Rialachán seo"

Leathanach 8, aithris 18

In ionad:

"Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil lárchlárlann leictreonach ar bun chun cuótaí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh a bhainistiú lena n-áirítear go háirithe tuairisc a thabhairt faoi threalamh a chuirtear ar an margadh, i gcás ina réamhluchtaítear an trealamh le hidreafluaracarbóin nár cuireadh ar an margadh roimh an luchtú, agus"

Léitear:

"Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil lárchlárlann leictreonach ar bun chun cuótaí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh a bhainistiú lena n-áirítear go háirithe tuairisc a thabhairt faoi threalamh a chuirtear ar an margadh, i gcás ina réamhluchtaítear an trealamh le hidreafluaracarbóin nár cuireadh ar an margadh roimh an luchtú, agus gur gá iad a fhíorú dá bhrí sin faoi, trí dhearbhú comhréireachta agus trí fhíorú ina dhiaidh sin a dhéanfadh tríú páirtí."

Leathanach 10, aithris 22

In ionad:

"Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí rialaithe ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún."

Léitear:

"Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún."

Leathanach 10, aithris 23

In ionad:

"Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo nó a leasú,"

Léitear:

"Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú,"

Leathanach 10, fonóta 1

In ionad:

"Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí rialaithe ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún."

Léitear:

"Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún."

Leathanach 11, aithris 25

In ionad:

"Thairis sin, chun trasdul réidh ón seanréimeas go dtí an réimeas atá anois ann a áirithiú, ba cheart go mbeadh feidhm (CE) Uimh. ag Rialacháin (CE) Uimh. 1493/2007 , (CE) Uimh. 1494/2007 , (CE) Uimh. 1497/2007,"

Léitear:

"Thairis sin, chun trasdul réidh ón seanréimeas go dtí an réimeas atá anois ann a áirithiú, ba cheart go mbeadh feidhm ag Rialacháin (CE) Uimh. 1493/2007 , (CE) Uimh. 1494/2007 , (CE) Uimh. 1497/2007,"

Leathanach 11, fonóta 1,

In ionad:

"Rialachán (CE) Uimh. 1493/2007 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2007 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an fhormáid don tuarascáil a bheidh le tíolacadh ag táirgeoirí, allmhaireoirí, onnmhaireoirí gás cheaptha teasa fhluairínithe áairithe (IO L 332, 18.12.2007, lch. 7)."

Léitear:

"Rialachán (CE) Uimh. 1493/2007 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2007 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an fhormáid don tuarascáil a bheidh le tíolacadh ag táirgeoirí, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí gás ceaptha teasa fluairínithe áirithe (IO L 332, 18.12.2007, lch. 7)."

Leathanach 13, aithris 26

In ionad:

"Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon bhaint amach go leordhóthanach"

Léitear:

"Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach"

Leathanach 15, Airteagal 2(5)

In ionad:

"ciallaíonn 'meascán' sreabhán nó tuaslagán atá comhdhéanta de dhá shubstaint nó níos mó, agus ar shubstaint a liostaítear in Iarscríbhinn II é ar a laghad ceann amháin de na substaintí sin;"

Léitear:

"ciallaíonn 'meascán' sreabhán atá comhdhéanta de dhá shubstaint nó níos mó, agus ar shubstaint a liostaítear in Iarscríbhinn I nó in Iarscríbhinn II é ar a laghad ceann amháin de na substaintí sin;"

Leathanach 15, Airteagal 2(6)

In ionad:

"ciallaíonn 'poitéinseal téimh dhomhagusa' nó 'GWP' poitéinseal téimh aeráide gáis cheaptha teasa i gcoibhneas poitéinsil téimh aeráide dé-ocsaíd-charbóin (CO2), arna ríomh i dtéarmaí poitéinsil téimh 100 bliain cileagraim amháin gáis i gcomórtas le cileagram amháin CO2, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IV nó, i gcás meascán, arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn IV;"

Léitear:

"ciallaíonn 'poitéinseal téimh dhomhanda' nó 'GWP' poitéinseal téimh aeráide gáis cheaptha teasa i gcoibhneas poitéinsil téimh aeráide dé-ocsaíd-charbóin (CO2), arna ríomh i dtéarmaí poitéinsil téimh 100 bliain cileagraim amháin gáis cheaptha teasa i gcomórtas le cileagram amháin CO2, mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn IV nó, i gcás meascán, arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn IV;"

Leathanach 18, Airteagal 2(11)

In ionad:

"ciallaíonn 'trealamh atá séalaithe go heirméiticeach' trealamh a ndéantar na codanna uile ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe obach trína dtáthú, trína bprásáil nó trí nascadh buan comhchosúil lena náirítear comhlaí caidhpeáilte nó béalóga seibhíse caidhpeáilte trínar féidir an trealamh a dheisiú i gceart nó a dhiúscairt i gceart agus a bhfuil ráta cruthaithe sceite de níos lú ná 3 gram in aghaidh na bliana acu faoi bhrú atá ionann agus an ceathrú cuid, ar a laghad, den uasbhrú incheadaithe;"

Léitear:

"ciallaíonn 'trealamh atá séalaithe go heirméiticeach' trealamh a ndéantar na codanna uile ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe obach trína dtáthú, trína bprásáil nó trí nascadh buan comhchosúil ar a bhféadfaí comhlaí caidhpeáilte nó béalóga seibhíse caidhpeáilte a áireamh trínar féidir an trealamh a dheisiú i gceart nó a dhiúscairt i gceart agus a bhfuil ráta cruthaithe sceite de níos lú ná 3 gram in aghaidh na bliana acu faoi bhrú atá ionann agus an ceathrú cuid, ar a laghad, den uasbhrú incheadaithe;"

Leathanach 18, Airteagal 2(22)

In ionad:

"ciallaíonn "substaint íona" substaint nár úsáideadh roimhe sin;"

Léitear:

"ciallaíonn "substaint íne" substaint nár úsáideadh roimhe sin;"

Leathanach 21, Airteagal 2(37)

In ionad:

"ciallaíonn 'córais cuisniúcháin láraithe ilphacáiste' córais le comhbhrúiteoir amháin nó níos mó"

Léitear:

"ciallaíonn 'córais cuisniúcháin láraithe ilphacáiste' córais le dhá chomhbhrúiteoir nó níos mó"

Leathanach 27, Airteagal 6(1)(c)

In ionad:

"cibé acu an ndearnadh na cainníochtaí gáis cheaptha teasa fhluairínithe suiteáilte a mhínghlanadh nó a athchúrsáil, lena n-áirítear ainm agus seoladh na saoráide athchúrsála nó mínghlanta agus, más iomchuí, uimhir an deimhnithe;"

Léitear:

"cibé acu an ndearnadh na cainníochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe suiteáilte a mhínghlanadh nó a athchúrsáil, lena n-áirítear ainm agus seoladh na saoráide athchúrsála nó mínghlanta agus, más iomchuí, uimhir an deimhnithe;"

Leathanach 29, Airteagal 6(3)

In ionad:

"Chun críche Airteagal 11(4), bunóidh gnóthais a sholáthraíonn gáis cheaptha teasa fhluairínithe taifid agus coinneoidh siad iad go ceann cúig bliana ar a laghad, agus beidh faisnéis ábhartha iontu maidir le ceannaitheoirí na ngás ceaptha teasa fluairínithe

(a) uimhreacha dheimhniúcháin na ndeimhnithe; agus

(b) cainníochtaí na ngás ceaptha teasa fluairínithe faoi seach a ceannaíodh."

Léitear:

"Chun críche Airteagal 11(4), bunóidh gnóthais a sholáthraíonn gáis cheaptha teasa fhluairínithe taifid, agus beidh faisnéis ábhartha iontu maidir le ceannaitheoirí na ngás ceaptha teasa fluairínithe lena n-áirítear na sonraí seo a leanas:

(a) uimhreacha dheimhniúcháin na gceannaitheoirí; agus

(b) cainníochtaí na ngás ceaptha teasa fluairínithe faoi seach a ceannaíodh.

Déanfaidh na gnóthais a soláthraíonn gáis cheaptha teasa fhluairínithe na taifid sin a choimeád ar bun ar feadh cúig bliana ar a laghad."

Leathanach 30, Airteagal 7(2), an dara mír

In ionad:

"Beidh feidhm ag an gceanglas sin bliain ón … ☐."

Léitear:

"Beidh feidhm ag an gceanglas sin ón … ☐."

Leathanach 31, Airteagal 8(1)

In ionad:

"Oibreoirí trealaimh dho-aistrithe nó oibreoirí trucailí agus leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe nach bhfuil i gcúir ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe, áiritheoidh siad gur daoine nádúrtha a bhfuil na deimhnithe ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 10 acu a dhéanfaidh na gáis sin a aisghabháil, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh."

Léitear:

"Oibreoirí trealaimh dho-aistrithe nó oibreoirí trucailí agus leantóirí cuisniúcháin ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad gur daoine nádúrtha a bhfuil na deimhnithe ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 10 acu a dhéanfaidh na gáis sin a aisghabháil, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh."

Leathanach 43, Airteagal 12(10)

In ionad:

"Déanfar gáis cheaptha teasa fhluairínithe a cuireadh ar an margadh i gcomhair eitseáil ábhair leathsheoltaigh nó glanadh deascadh ceimiceach gaile san earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh le léiriú nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach amháin chun na críche sin."

Léitear:

"Déanfar gáis cheaptha teasa fhluairínithe a cuireadh ar an margadh i gcomhair eitseáil ábhair leathsheoltaigh nó glanadh deascadh ceimiceach gaile san earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh a lipéadú le léiriú nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach amháin chun na críche sin."

Leathanach 43, Airteagal 12(15)

In ionad:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 lena leasaítear na ceanglais maidir le lipéadú atá leagtha amach i mír 4 go dtí mír 12 más iomchuí i bhfaisnéis forbartha tráchtála nó teicneolaíocha."

Léitear:

"Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 lena leasaítear na ceanglais maidir le lipéadú atá leagtha amach i mír 4 go dtí mír 12 más iomchuí i bhfianaise forbartha tráchtála nó teicneolaíocha."

Leathanach 44, Airteagal 13(3), an chéad fhomhír

In ionad:

"Ón 1 Eanáir 2020, beidh toirmeasc ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe, a bhfuil poitéinseal téimh dhomhagusa acu de 2500 tona nó níos mó a úsáid chun trealamh cuisniúcháin ag a bhfuil méid luchta arb ionann é agus 40 tona $CO_2$ nó níos mó a sheirbhísiú nó a chothabháil."

Léitear:

"Ón 1 Eanáir 2020, beidh toirmeasc ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe, a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda acu de 2500 tona nó níos mó a úsáid chun trealamh cuisniúcháin ag a bhfuil méid luchta arb ionann é agus 40 tona de chóibhéis $CO_2$ nó níos mó, a sheirbhísiú nó a chothabháil."

Leathanach 44, Airteagal 13(3), an tríú fomhír

In ionad:

"Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis na chatagóirí gás ceaptha teasa fluairínithe nithe seo a leanas go dtí an 1 Eanáir 2013:"

Léitear:

"Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir leis na chatagóirí gás ceaptha teasa fluairínithe seo a leanas go dtí an 1 Eanáir 2013:"

Leathanach 46, Airteagal 14(2), an dara fomhír

In ionad:

"Ón 1 Eanáir 2018, i gcás nár cuireadh hidreafluaracarbóin atá sa trealamh ar mhargadh an Aontais sular luchtaíodh an trealamh, áiritheoidh allmhaireoirí trealaimh ar aghaidh go bhfíoraíonn iniúchóir neamhspleách cruinneas an doiciméadúcháin agus an dearbhaithe comhlíonta gach bliain faoin 31 Márta gach bliain, don bhliain féilire roimhe sin. Maidir leis an iniúchóir sin:"

Léitear:

"Ón 1 Eanáir 2018, i gcás nár cuireadh hidreafluaracarbóin atá sa trealamh ar mhargadh an Aontais sular luchtaíodh an trealamh, áiritheoidh allmhaireoirí trealaimh go bhfíoraíonn iniúchóir neamhspleách cruinneas an doiciméadúcháin agus an dearbhaithe comhlíonta faoin 31 Márta gach bliain, don bhliain féilire roimhe sin. Maidir leis an iniúchóir sin:"

Leathanach 48, Airteagal 15(2), an dara fomhír

In ionad:

"Ní bheidh feidhm ag an Airteagal sin maidir leis na catagóirí hidreafluaracarbóin seo a leanas:"

Léitear:

"Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na catagóirí hidreafluaracarbóin seo a leanas:"

Leathanach 49, Airteagal 15(3), an dara fomhír

In ionad:

"Beidh feidhm ag an Airteagal seo agus ag Airteagail 16, 18,19 agus 25 maidir le hidreafluaracarbóin atá i gcumaisc pholóil."

Léitear:

"Beidh feidhm ag an Airteagal seo agus ag Airteagail 16, 18,19 agus 25 maidir le hidreafluaracarbóin atá i bpolóil réamhchumaiscthe."

Leathanach 56, Airteagal 19(6)

In ionad:

"Faoin 30 Meitheamh 2015 agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a thuairiscíonn faoi mhír 110 000 tona de choibhéis CO2 nó níos mó de hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin, thairis sin a áirithiú go ndéanfaidh iniúchóir neamhspleách an fhaisnéis a chinntiú. Beidh an t-iniúchóir sin:"

Léitear:

"Faoin 30 Meitheamh 2015 agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a thuairiscíonn faoi mhír 110 000 tona de choibhéis CO2 nó níos mó de hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin, thairis sin a áirithiú go ndéanfaidh iniúchóir neamhspleách an fhaisnéis a fhíorú. Beidh an t-iniúchóir sin:"

Leathanach 60, Airteagal 21(6)

In ionad:

"Tráth nach déanaí ná an 1 Iúil 2017,"

Léitear:

"Tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2017,"

Iarscríbhinn II, leathanach 2, an dara colún, an séú líne déag

In ionad:

"$(CF_3)_2CHOCF_3$"

Léitear:

"$(CF_3)_2CHOC\underline{H}_3$"

Iarscríbhinn III, leathanach 1, pointe 9

In ionad:

"agus adharca fógra a bhfuil HFCanna iontu 150 GWP nó níos mó"

Léitear:

"agus adharca fógra a bhfuil HFCanna iontu ar 150 nó níos mó a GWP"

Iarscríbhinn III, leathanach 2, pointe 11

In ionad:

"ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhagusa"

Léitear:

"ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a GWP"

Iarscríbhinn III, leathanach 2, pointe 14

In ionad:

"ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhagusa"

Léitear:

"ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a GWP"

Iarscríbhinn IV, leathanach 1, an chéad mhír

In ionad:

"Ríomhtar agusGWP iomlán meascáin mar mheán ualaithe,"

Léitear:

"Ríomhtar GWP iomlán meascáin mar mheán ualaithe,"

Iarscríbhinn VI, leathanach 1, pointe 2, an dara fomhír

In ionad:

"Dealaítear suim na gcuótaí leithdháilte faoi phointe 1 ón uaschainníocht don bhliain áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn i le teacht ar an gcainníocht a bheidh le leithdháileadh do na gnóthais sin nár bunaíodh aon luach tagartha i dtaca leo agus a mbeidh dearbhú curtha isteach acu faoi Airteagal 16(2) (an chainníocht a bheidh le leithdháileadh sa chéad chéim den ríomh)."

Léitear:

"Dealaítear suim na gcuótaí leithdháilte faoi phointe 1 ón uaschainníocht don bhliain áirithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V le teacht ar an gcainníocht a bheidh le leithdháileadh do na gnóthais sin nár bunaíodh aon luach tagartha i dtaca leo agus a mbeidh dearbhú curtha isteach acu faoi Airteagal 16(2) (an chainníocht a bheidh le leithdháileadh i gcéim 1 den ríomh)."